An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí
Department of Employment Affairs
and Social Protection

An tAcht um Inscne a Aithint 2015

Tuarascáil Bhliantúil 2019

(arna hullmhú de réir alt 6 den Acht)

18.06.2020

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 1
2. Cúlra 1
3. Leasuithe 2
4. Seirbhísí Céannachta Cliaint 2
5. An Phríomh-Oifig Chlárúcháin 3
6. Staidrimh - An tAcht um Inscne a Aithint 2015 4
    - Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne 4
    - Clárúcháin ar Chlár Aitheantais Inscne 5
    - Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn 5
    - Aitheantas i ndlínse eile 5
    - Cúlghairmeacha 5
    - Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne 6
7. Staidrimh Eile 6
    - Acht na bPasanna 2008 6
    - An tAcht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 6
    - An tAcht Uchtála 2010 7
8. Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Achta 7

1. Réamhrá

Rinneadh an tAcht um Inscne a Aithint 2015 (“An tAcht”) a achtú ar 22 Iúil 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 4 Meán Fómhair 2015. Déantar an Tuarascáil Bhliantúil a dhréachtú de réir alt 6 den Acht. Go háirithe, tugtar faisnéis maidir le hiarratais a dhéantar ar dheimhniú aitheantais inscne, iarratais i gcás go bhfuil aitheantas ag iarratasóir i ndlínse eile cheana féin, iarratais ón sealbhóir ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm, cúlghairmeacha a dhéantar ag an Aire ar dheimhnithe aitheantais inscne agus ceartú ar dheimhniú aitheantais inscne.

Is í seo an cúigiú tuarascáil a ullmhaíodh faoin Acht agus cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019. Tá tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe ar fáil anseo[1].

2. Cúlra

D’eascair an gá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo as Ordú ón Ard-Chúirt i mí an Mhárta 2008. Dearbhaíodh san Ordú go raibh ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 ar neamhréir le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc nach raibh foráil sna hailt sin do phróiseas aitheantais inscne. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá foráil á déanamh san Acht le go n-aithneoidh an Stát inscne roghnaithe duine go hiomlán chun gach críche. Is le deimhniú aitheantais inscne a eisítear ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a bhaintear é sin amach. Go sonrach, luaitear in alt 18 den Acht:

> *‘I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná.’*

[1] Liosta Iomlán de Thuarascálacha Bliantúla: https://www.gov.ie/en/publication/292d01-annual-reports-under-section-6-of-the-gender-recognition-act-2015/

I measc éifeachtaí eile na reachtaíochta maidir leo siúd ar mian leo go n-aithneofaí a n-inscne, tá an méid seo a leanas:

- Is féidir leis an duine a bhfuil a rogha inscne aitheanta teastas breithe nua a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora ar a dtaispeántar an rogha inscne agus na hainmneacha nua (má athraíodh ainmneacha freisin) más rud é go bhfuil a b(h)reith cláraithe in Éirinn.
- Ní dhéanfar aon difear do chearta, do fhreagrachtaí ná d'iarmhairtí na ngníomhartha a rinne an duine roimh dháta aitheantais a rogha inscne.

Áirítear ar phríomhghnéithe an Achta forálacha maidir leis an méid seo a leanas:

- Múnla féindearbhaithe do dhaoine trasinscneacha atá 18 bliain d'aois nó níos sine;
- Úsáid an téarma 'rogha inscne' i bhfoclaíocht an Achta;
- Bealach chun aitheantas a fháil dóibh siúd atá idir 16 mbliana d'aois agus 18 mbliana d'aois;
- Tosófar athbhreithniú foirmeálta ar chur chun feidhme an Achta tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis a thosach feidhme; agus
- Ailíniú reachtaíochta maidir le pasanna a eisiúint do dhaoine trasinscneacha.

3. Leasuithe

Foráladh ar dtús leis an Acht gur chóir d'iarratasóir ag cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne a bheith neamhphósta (ba ghá leis sin ar fheitheamh na ndúshlán dlíthiúil maidir leis an Reifreann um Chomhionannas Pósta). Tar éis díbhe na ndúshlán dlíthiúil, rinneadh an tAcht a leasú san Acht um Pósadh 2015 chun deireadh a chur leis an gceanglas go mbeadh ar an iarratasóir a bheith neamhphósta.

4. Seirbhísí Céannachta Cliaint

Is í na Seirbhísí Céannachta Cliaint sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a dhéanann iarratais ar aitheantas inscne a phróiseáil. Tá an rannóg freagrach as céannacht chustaiméara a dheimhniú agus a chinntiú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chreat beartais céannachta a fhorbairt chun seirbhísí bainistíochta céannachta a rialú agus a sholáthar.

Is ceann de na limistéir feidhme is tábhachtaí de na Seirbhísí Céannachta Cliaint é an limistéar Bainistiú Cáilíochta Sonraí. Ó mhí Iúil 2015 i leith, tá grúpa beag de thriúr ón limistéar sin freagrach as feidhmiú an Achta, iarratais ar dheimhniú aitheantais inscne a phróiseáil san áireamh. Ní féidir teacht ar an gcóras a dhéanann na hiarratais a phróiseáil ach amháin tríd an bhfoireann um dheimhniú aitheantais inscne sa limistéar Bainistiú Cáilíochta Sonraí. Is cuid lárnach den phróiseas iarratais ar dheimhniú aitheantais inscne í an rúndacht. Chomh luath is atá an t-iarratas próiseáilte, déantar uasdátú ar an taifead chun an inscne nua a léiriú. Go ginearálta, eisítear deimhniú aitheantais inscne laistigh de 2-3 lá oibre ón tráth a ndéantar an cinneadh chun deonaithe.

5. An Phríomh-Oifig Chlárúcháin

Is í Oifig an Phríomh-Chláraitheora an stór sibhialta lárnach do thaifid a bhaineann le breitheanna, marbh-bhreitheanna, básanna, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus uchtuithe in Éirinn. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus tá freagracht uirthi as an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta in Éirinn a riaradh.

Tá an tArd-Chláraitheoir freagrach as an gcóras clárúcháin in Éirinn a bhainistiú agus a rialú agus tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as seachadadh laethúil na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta trí líonra oifigí Seirbhíse um Chlárú Sibhialta áitiúla ar fud an Stáit.

Leasaíodh an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 leis an Acht um Inscne a Aithint 2015, lenar ceanglaíodh ar an Ard-Chláraitheoir clár aitheantais inscne a bhunú agus a choimeád. Nuair a fhaigheann duine deimhniú aitheantais inscne, is féidir leo iarratas a dhéanamh chun a bheith curtha san áireamh sa chlár seo. Ligfear é sin teastas breithe a léiríonn inscne nua an duine a eisiúint ón gclár.

Cuireadh córas uimhriúcháin nua i bhfeidhm i gCeathrú 4 2019 faoi réir Molta 4 den ghrúpa a bhunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht[2].

[2] Leagtar amach moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe in aguisín 1.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil deimhnithe eisithe ag an gClár Aitheantais Inscne ar aon chuma le haon deimhniú eile arna eisiúint ag Clár na mBreitheanna. Tá athchóipeanna de dheimhnithe, an uimhir chlárúcháin san áireamh, ar fáil saor in aisce.

Toisc gur cuid lárnach den phróiseas aitheantais inscne é an príobháideachas, tá an clár aitheantais inscne agus an nasc leis an teastas breithe bunaidh faoi rún. Chun rúndacht a chinntiú, ní féidir na teastais bhreithe a léiríonn an inscne nua a fháil ach amháin ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin, ag an duine lena mbaintear an teastas breithe, nó má tá siad éagtha, ag a muintir atá fós ag maireachtáil.

6. Staidrimh - Aitheantas Inscne

Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne

Ba é líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne faighte in 2019 ná 160. I **dTábla 1**, tá sonraí ar líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne próiseáilte, de réir aoise:

Tábla 1 - Deimhnithe Aitheantais Inscne

Bliain	Iarratais Faighte			Iarratais Ceadaithe			Iarratais a Diúltaíodh		
	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán[3]	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán
2019	2	166	**168**	1	159	**160**	Nialas	Nialas	Nialas
2018	2	131	**133**	2	122	**124**	Nialas	Nialas	Nialas
2017	3	96	**99**	2	95	**97**	Nialas	1	**1**
2016	6	104	**110**	6	103	**109**	Nialas	Nialas	Nialas
2015[4]	2	87	**89**	2	87	**89**	Nialas	Nialas	Nialas
Iomlán	**15**	**584**	**599**	**13**	**566**	**579**	**Nialas**	**1**	**1**

Faoi alt 8(3) den Acht, is féidir leis an Aire a chinneadh deimhniú aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú do dheimhniú aitheantais inscne a eisiúint.

[3] D'fhéadfaí go gceadófar iarratais faighte in aon bhliain amháin sa bhliain dar gcionn. D'fhéadfaí go mbeadh cásanna ag feitheamh ar chinneadh ag deireadh na bliana.

[4] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

I gcás go ndéantar cinneadh diúltú d'iarratas, ní mór don Aire, faoi alt 8(5), na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don iarratasóir agus ceart an iarratasóra chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda a chur in iúl dóibh taobh istigh de 90 lá ó dháta an fhógra. Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le diúltú ná más rud é nach duine é an t-iarratasóir a fhéadfar cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne (dá bhforáiltear in alt 9 den Acht); nó más inscne seachas fireann nó baineann, nach bhfuil cumhdaithe ag forálacha an Achta, í rogha inscne an duine; nó má bhaineann an t-iarratas le duine atá 16 nó 17 mbliana d'aois ach gan an dhíolúine chúirte atá de dhíth faoi alt 12.

Clárúcháin ar an gClár um Inscne a Aithint

I **dTábla 2**, leagtar líon iomlán na gclárúchán amach ar an gClár um Inscne a Aithint de réir aoise. Ba é 102 líon iomlán na gclárúchán a rinneadh ar an gClár um Inscne a Aithint le linn 2019.

Tábla 2 - Clárúcháin ar an gClár um Inscne a Aithint de réir aoise

Bliain	**16 nó 17 mbliana d'aois**	**18 mbliana d'aois nó níos sine**	**Iomlán**
2019	0	102	**102**
2018	2	73	**75**
2017	0	60	**60**
2016	6	71	**77**
2015[5]	2	54	**56**
Iomlán	**10**	**258**	**268**

Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn

Faoi alt 9(1)(b) den Acht is féidir le cónaitheoir sa Stát nár rugadh in Éirinn é nó í iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. As na 160 deimhniú aitheantais inscne a eisíodh in 2019, eisíodh 27 ceann acu chuig cónaitheoirí sa Stát nár rugadh in Éirinn. Bhí na hiarratasóirí go léir 18 mbliana d'aois nó níos sine. Is é 99 líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne a eisíodh faoin alt sin ó thosach feidhme an Achta.

Aitheantas i ndlínse eile

Ceadaítear le halt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh a (h)inscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Fuarthas trí iarratas faoin alt sin i rith 2019. Ó thosach feidhme an Achta eisíodh seacht ndeimhniú san iomlán faoin bhforáil sin.

[5] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

Cúlghairmeacha

Faoi alt 14 den Acht is féidir leis an Aire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm i gcás ina bhfuarthas faisnéis a d'fhágfadh go ndiúltófaí don deimhniú, más rud é go bhfuarthas an fhaisnéis sin roimh eisiúint an deimhnithe. Níor chúlghair an tAire aon deimhnithe aitheantais inscne in 2019 faoin alt sin.

I gcás inar mian le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne filleadh ar a (h)inscne bhunaidh, faoi alt 15 den Acht ceadaítear dóibh iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a chúlghairm. I rith 2019, rinneadh (1) iarratas amháin chun deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoin alt sin. Rinneadh trí (3) chúlghairm ó thosach feidhme an Achta, agus iad ar fad ó iarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois.

Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne

Faoi alt 16 den Acht, má tá earráid chléireachais nó earráid fíorais in ábhar deimhnithe aitheantais inscne, is féidir le sealbhóir an deimhnithe iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a leasú. Ní bhfuarthas iarratas ar bith i rith 2019 chun Deimhniú Aitheantais Inscne a leasú. Ní dhearnadh ach trí (3) cheartú ó thosach feidhme an Achta.

7. Staidrimh Eile

Acht na bPasanna 2008

Le halt 38 den Acht um Inscne a Aithint leasaíodh Acht na bPasanna 2008 ionas gur féidir le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chuig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le go n-eiseofar pas san ainm agus san inscne atá sonraithe ar an deimhniú aitheantais inscne.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 79 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne le linn 2019, agus níor eisíodh ceann ar bith acu do dhaoine aonair faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ó thosach feidhme an Achta, eisíodh 165 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne, lena n-áirítear 5 pas do shealbhóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

An tAcht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956

D'fhonn ligean do dhuine ar Chlár na mBreitheanna Coigríche a rogha inscne a bheith aitheanta, le halt 31 den Acht leasaíodh Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 chun foráil do bhunú agus do choimeád cláir aitheantais inscne maidir le breitheanna coigríche ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil sin roimh an 1 Nollaig 2017, nuair a tháinig rialacháin lena dtugtar éifeacht don alt sin i bhfeidhm[6]. Ceadaíodh 2 iarratas faoin alt sin in 2019, agus bhí an dá cheann araon déanta ag daoine thar 18 mbliana d'aois, agus ba é sin an t-iomlán carnach ó thosach feidhme na bhforálacha seo.

An tAcht Uchtála 2010

Le halt 33 den Acht um Inscne a Aithint 2015 leasaíodh an tAcht Uchtála 2010 chun ligean d'Údarás Uchtála na hÉireann "clár aitheantais inscne maidir le huchtaithe idir tíortha" a bhunú. Taifeadadh aon chlárú amháin ar an gClár Aitheantais Inscne maidir le hUchtaithe idir Tíortha le linn 2019. Fuarthas seacht (7) n-iarratas san iomlán faoin bhforáil sin ó thosach feidhme an Achta.

8. Athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta

Foráiltear le hAlt 7 den Acht go dtosóidh an tAire athbhreithniú ar an Acht taobh istigh de 2 bliain tar éis dó teacht i bhfeidhm. I mí na Samhna 2017 bhunaigh an tAire Doherty grúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta. Rud a bhí lárnach don athbhreithniú ná próiseas comhairliúcháin inar díríodh ar an leibhéal is leithne de chomhairliúchán poiblí agus is féidir. Fuarthas 92 aighneacht i scríbhinn san iomlán agus tá siad ar fáil anseo[7].

[6] Tagraítear in I.R. Uimh. 539/2017 na Rialacháin um Breitheanna Coigríche a Aithint, 2017 dó seo. Tá sé ar fáil anseo:http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

[7] Nasc iomlán leis na haighneachtaí: https://www.gov.ie/en/consultation/001721-review-of-the-gender-recognition-act-2015/

Reáchtáil an Grúpa Athbhreithnithe cruinnithe chomhairliúcháin leantach le baill den phobal trasghnéasach, dochtúirí, agus saineolaithe dlí. Chuala siad ó dhaoine óga atá trasghnéasach, agus óna dtuismitheoirí, faoina thaithí pearsanta féin, agus bhí plé acu le duine fásta atá neamh-dhénartha. Tíolacadh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe an 15 Meitheamh 2018 agus foilsíodh é ar 18 Iúil 2018. Is féidir moltaí na tuarascála a léamh in aguisín 1.

Staid ag deireadh na bliana 2019

I mí Samhain 2019 d'fhoilsigh an tAire a freagra maidir le moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a bhunaíodh chun athbhreithniú ar an Acht um Inscne a Aithint 2015 a dhéanamh - is féidir cóip den tuarascáil a léamh anseo[8].

Cuimsítear sa tuarascáil moltaí chun reachtaíocht a thabhairt isteach maidir le:

- An bealach chun aitheantas inscne dlíthiúil a éascú do leanaí 16/17 mbliana d'aois trí shocrú féindearbhaithe a chur i bhfeidhm, le cead ó thuismitheoirí; próiseas simplí cúlghairme; agus trí thacaíocht idirghabhála teaghlaigh a chur ar fáil ar bhonn deonach;
- Go n-aithnítear go soiléir ar dheimhniú aitheantais inscne dóibh siúd atá 16 agus 17 mbliana d'aois gur bhronnadh é ar bhonn féindearbhaithe amháin (chun soiléireacht a thabhairt nach ionann aitheantas inscne dlíthiúil agus aon saincheist maidir le hidirghabháil leighis);
- Go bhforáiltear gur féidir deimhniú aitheantais inscne a úsáid chun fianaise ar athrú san ainm a sholáthar, chomh maith le fianaise ar athrú san inscne;
- Go ligtear do shaoránaigh na hÉireann a rugadh taobh amuigh den Stát agus a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Stát (Tuaisceart na hÉireann san áireamh) iarratas a chur isteach chun deimhniú aitheantais inscne a fháil.

Cé go mbaineann na moltaí reachtaíochta le leanaí thar 16 mbliana d'aois, d'aontaigh an tAire, i gcomhar leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, taighde a chur ar bun chun fadhbanna maidir le leanaí faoi 16 bliain d'aois a scrúdú freisin.

[8] Nasc iomlán leis an tuarascáil: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/69547/dd757168e2e44d3faa7196b4b17fc4d8.pdf

Anuas ar sin, mhol an Grúpa Athbhreithnithe aitheantas inscne dlíthiúil a leathnú chun daoine neamh-dhénartha a chur san áireamh, ach d'aithin an grúpa castacht na faidhbe agus ag sonrú go bhféadfaí go mbeadh gá le hanailís tionchair chuimsitheach. Bunófar grúpa idir-rannach chun an measúnú tionchair a bhaint amach agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais chun athbhreithniú a dhéanamh uirthi roimh dheireadh 2020. Idir an dá linn, glacfaidh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile céimeanna dearfacha chun staid na ndaoine atá neamh-dhénartha a fheabhsú.

Baineann roinnt moltaí eile leis an riarachán agus beidh siad curtha i bhfeidhm nó curtha chun cinn faoi Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ na hÉireann 2019-2021.

Meitheamh 2020

Aguisín 1 - Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe

Moladh 1:

Ba chóir córas aitheantais inscne a chur i bhfeidhm do leanaí d'aois ar bith, faoi réir na prionsabal tábhachta seo a leanas:

- Cead ó thuismitheoirí de dhíth (le próiseas dlí cuí chun déileáil le cásanna nach bhfuil cead ón mbeirt thuismitheoir nó nach féidir nó nach bhfuil sé sábháilte amhlaidh a fháil),
- Próiseas riaracháin a bheadh ann,
- Próiseas éasca cúlghairme,
- Tacaíocht ó thríú páirtí don leanbh agus don teaghlach atá rannpháirteach.

Moladh 2A:

Ba chóir aitheantas inscne dlíthiúil a chur ar fáil do dhaoine neamh-dhénártha.

Moladh 2B:

Is féidir measúnú tionchair a mheas mar chuid d'athbhreithniú roinne tras-Rialtais ar leasuithe reachtaíochta atá molta.

Moladh 2C:

Le linn an téarma sin, ba chóir go nglacadh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile céimeanna dearfacha chun cás na ndaoine neamh-dhénartha a fheabhsú.

Moladh 3:

Ba chóir go dtabharfaí le haon bhearta a fheabhsaíonn rochtain ar aitheantas inscne, maidir le haois agus aitheantas inscne araon (dénartha nó neamh-dhénartha) rochtain dóibh siúd atá idirghnéasach freisin.

Moladh 4:

Go gcuireann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, le hOifig an Ard-Chláraitheora, córas uimhriúcháin i bhfeidhm atá díreach mar an gcéanna leis an gcóras a úsáidtear maidir le teastais breithe a thógann an t-eolas ó chláir na mbreitheanna.

Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le deimhnithe nua agus an rogha chun athchóip a fháil curtha ar fáil dóibh siúd a bhfuil deimhniú gan uimhir thagartha acu cheana féin (agus an costas a bhaineann le hathchóip a fháil a tharscaoileadh).

Moladh 5:

Ba chóir Alt 10 den Acht a úsáid (mar atá sé anois nó mar chuid de reachtaíocht leasaithe) chun athrú san ainm dlíthiúil a cheadú mar chuid den phróiseas aitheantais inscne.

Moladh 6A:

Go ndéantar socrúcháin chun go mbeadh saoránaigh na hÉireann a rugadh i dTuaisceart na hÉireann agus a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Stát, iarratas a chur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne.

Moladh 6B:

Go luaitear fadhb na ndeimhnithe leasaithe ag leibhéal oifigiúil le húdaráis na Ríochta Aontaithe.

Moladh 7:

Go scrúdaíonn ranna agus gníomhaireachtaí bealaí chun próisis iarratais a éascú; naisc idir Ranna a fheabhsú; agus costais a laghdú maidir le hathchóip de dhoiciméid oifigiúil, teastais breithe agus pasanna mar shampla, a fháil.

Moladh 8:

Go scrúdaíonn gach Roinn/comhlacht Rialtais cuí an chaoi gur féidir próisis riaracháin a éascú ach príobháideachas an duine a choimeád ag an am céanna, tar éis dóibh Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil.

Moladh 9:

Gur chóir athbhreithniú ar an Acht agus ar aon mheasúnú tionchair maidir le cur i bhfeidhm aon reachtaíochta chun aitheantas inscne dlíthiúil a sholáthar do dhaoine neamh-dhénartha a dhéanamh taobh istigh de chúig bliana ó thosach feidhme na bhforálacha a bhaineann le haon reachtaíocht leasuithe curtha i bhfeidhm mar gheall ar an athbhreithniú seo. Go gcumhdófar aon fhorálacha nua atá ann in aon reachtaíocht leasaithe.

Moladh 10A:

Go bhfoilsíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta leabhrán atá éasca le léamh ina leagtar amach na céimeanna maidir le Deimhniú Aitheantais Inscne agus iontráil sa chlár aitheantais inscne a fháil. Ba chóir go gcuirtear comhairle san áireamh maidir leis na céad chéimeanna eile atá le glacadh, ag déanamh liosta de na ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit eile gur cheart teagmháil a dhéanamh leo maidir le taifead pearsanta a uasdhátú.

Moladh 10B:

Molann an grúpa go n-ullmhófar leabhrán do Ranna Rialtais, comhlachtaí Stáit eile, agus eagraíochtaí san earnáil príobháideach, ina leagfar amach an chaoi ina mbaineann an tAcht leo